

AONAD A CEATHAIR

TAISTEAL



San Aonad seo cuirfear ar do chumas:

- aird dhuine a dhíriú ar rud éigin
- fiosrú faoi thaitneamh agus taitneamh agus easpa taitnimh a léiriú
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- tuairisciú
- soiléiriú a dhéanamh
- cabhair a thairiscint
- a léiriú nach gá rud éigin a dhéanamh
- slán a fhágáil.

COMHRÁ

Tá Dónall ag obair i bPáras (*Paris*). Bhí Máire ar saoire sa Fhrainc (*in France*). Tá aithne acu ar a chéile (*they know each other*). Buaileann siad lena chéile ar a mbealach ar ais (*on the way back*) agus tá siad ina suí in aice a chéile san eitleán.

Dónall: A Mháire! Féach! Tá an t-eitleán ag teacht isteach chuig Baile Átha Cliath. An bhfeiceann tú na simléir?
Mary! Look! The aeroplane is coming into Dublin now. Do you see the chimneys?

Máire: Feicim. Nach bhfuil siad gránna?
Yes, I do. Aren't they ugly?

Dónall: Nach maith leat iad?
Do you not like them?

Máire: Is fuath liom iad. Cuireann na simléir sin drochaimsir i gcuimhne dom... Is trua go bhfuil an tsaoire thart.
I hate them. They remind me of bad weather... It is a pity that the holiday is over.

Dónall: Cá fhad a bhí tú sa Fhrainc?
How long were you in France?

Máire: Bhí mé ann ar feadh coicíse. Shroich mé an t-óstán ag an am seo, coicís ó shin.
I was there for a fortnight. I reached the hotel at this time, a fortnight ago.

Dónall: Conas a bhí an t-óstán?
How was the hotel?

Máire: Bhí an t-óstán go maith. Ag an tús, cheap mé go raibh sé seanfhaiseanta, ach bhí linn snámha agus cúirt leadóige ann.
The hotel was good. In the beginning, I thought it was old-fashioned, but there was a swimming pool and a tennis court in it.

Dónall: Agus conas a bhí an aimsir?
And how was the weather?

- Máire: Bhí an ghrian ag taitneamh ó mhaidin go hoíche ach lá amháin bhí tintreach agus toirneach ann.
The sun was splitting the stones from morning 'til night but one day there was thunder and lightning.
- Dónall: Is maith liomsa an teas ach bhí sé róthe dom i bPáras inné.
I like the heat but it was too hot for me in Paris yesterday.
- Máire: Ach, a Dhónaill, bhí tusa ag obair. Bíonn an teas ceart go leor nuair a bhíonn tú ar saoire. An mbeidh saoire agat go luath?
But Dónall, you were working. The heat is alright when you are on holiday. Will you have a holiday soon?
- Dónall: Beidh mé ar mo laethanta saoire i mí Lúnasa...Oops! Táimid ar an talamh anois. Bhí sé go deas bualadh leat arís, a Mháire. An rachaidh tú go Corcaigh anocht?
I will be on my holidays in August... Oops! We're on the ground now. It was very nice to meet you again, Máire. Will you go to Cork tonight?
- Máire: Rachaidh. Gheobhaidh mé tacsáí go dtí an stáisiún traenach. Gheobhaidh mé traein ar a hocht a chlog. Beidh mé i gCorcaigh roimh a haon déag.
Yes, I will. I will get a taxi to the train station. I will get the train at eight o' clock. I will be in Cork before eleven.
- Dónall: Siúlfaidh mé go dtí an tacsáí leat. An bhfuil mála le bailiú agat? Tabharfaidh mé cabhair duit.
I'll walk with you to the taxi. Do you have a bag to collect? I will help you.
- Máire: Tá dhá mhála le bailiú agam. Ní gá duit fanacht. Téigh abhaile. Bhí lá fada agat. Slán leat.
I have two bags to collect. There is no need for you to wait. Go home. You had a long day. Goodbye.
- Dónall: Ceart go leor, a Mháire. Imeoidh mé. Go n-éirí an bóthar leat!
Alright, Mary, I'll go. Safe journey! (May the road rise up to meet you!)

FOCLÓIR LE FOGHLAIM

na laethanta saoire - *the holidays*

samhradh/ sa samhradh -
summer/ (in) every summer
sos lárthearma - *(a) mid-term break*

Nollaig/ um Nollaig - *Christmas/ at Christmas time*
Cáisc / um Cháisc - *Easter/ at Eastertime*
seachtain - *(a) week*
ar feadh seachtaine - *for a week*

trá /an trá - *(a) beach/ the beach*
farraige / an fharraige - *sea/ the sea*
faoin tuath - *in the country*
cathair / an chathair - *(a) city / the city*
thar lear - *over seas, abroad*
saoire ghréine - *(a) sun holiday*

tír - (a) country

tíortha - *countries*
An Afraic - *Africa*
An Bheilg - *Belgium*
An Danmhairg - *Denmark*
An Fhrainc - *France*
An Ghearmáin - *Germany*
An Ghréig - *Greece*
An Iodáil - *Italy*
An Ollainn - *Holland*
An Ostair - *Austria*
An Rúis - *Russia*
An Phortaingéil - *Portugal*
An Spáinn - *Spain*
An tSualainn - *Sweden*
Meiriceá - *America*
Sasana - *England*
Albain - *Scotland*

modhanna taistil - modes of transport

traein/ an traein - *(a) train/ the train*
bus / an bus - *(a) bus/ the bus*
eitleán / an t-eitleán - *(a) plane/ the plane*
bád / an bád - *(a) boat / the boat*

tacsaí / an tacsaí - *(a) taxi / the taxi*
rothar / an rothar - *(a) bicycle/ the bicycle*
carr/ an carr - *car/ the car*

an aimsir - the weather

dea-aimsir - *good weather*
drochaimsir - *bad weather*
go maith - *good*
an-mhaith - *very good*
ar fheabhas - *excellent*
go breá - *fine*
te - *hot*
teas - *heat*
tintreach agus toirneach - *thunder and lightning*
fuar - *cold*
tirim - *dry*
fliuch - *wet*
gaofar - *windy*
grianmhar - *sunny*
scamallach - *cloudy*
an ghrian - *the sun*
ag taitneamh - *shining*
ag scoilteadh na gcloch - *splitting the stones*
spéaclaí gréine - *sun glasses*
scáth báistí - *umbrella*
cóta báistí - *raincoat*

óstán / an t-óstán - (a) hotel / the hotel

Fan. - *Stay.*
ag fanacht - *staying*
d'fhan mé - *I stayed*
nua-aimseartha - *modern*
teach lóistín - *(a) guest house*
brú - *(a) hostel*
seanfhaiseanta - *old-fashioned*
nuafhaiseanta - *modern*
glan - *clean*
an-ghlan - *very clean*

seomra - (a) room
bialann - (a) restaurant
linn snámha - (a) swimming pool
cúirt leadóige - (a) tennis court
galf - golf
ag imirt gailf - playing golf
galfchúrsa - (a) golf course
teilifíseán - (a) television set
balcóin - (a) balcony
freastalaí/an freastalaí/ na
freastalaithe - (a) waiter/the
waiter/ the waiters

Téigh. - Go.
chuaigh mé - I went
ní dheachaigh mé - I didn't go
Cá ndeachaigh tú? - Where did
you go?
seachtain - (a) week
ar feadh seachtaine - for a week
Taistil. - Travel.
thaistil mé - I travelled

an chéad lá - the first day
go maith - good
go dona - bad
ar fheabhas - excellent
maidin - morning
oíche - night
ó mhaidin go hoíche - from
morning 'til night
sos - interval, break
téarma - term
lár - middle
sos lárthéarma - (a) mid-term
break

gníomhaíochtaí - activities
ag imirt peile - playing football
ag imirt leadóige - playing tennis
ag snámh - swimming
ag rith - running

Bail ó Dhia ort! - God bless you!

AISTRIGH GO GAELIGE

Tá Seán agus Orlaith ag caint faoi laethanta saoire.

Seán: God bless you, Orla! I heard you were on your holidays.

Orlaith: I went to Austria for a week.

Seán: And how did you travel?

Orlaith: I travelled there in a plane.

Seán: How was the weather?

Orlaith: The weather was fine but the first day was cold.

Seán: Did you stay in a hotel?

Orlaith: Yes, I did. The hotel was modern and very clean. We had a large room with a television. The restaurant was excellent. There was a very good golf course and my husband was playing golf there every day, from morning 'til night.

Seán: Where will you go next year?

Orlaith: At the mid-term break, my husband and I will go to Russia.

FREAGRAÍ

Seán: Bail ó Dhia ort, a Orlaith. Chuala mé go raibh tú ar do laethanta saoire. Cá ndeachaigh tú?

Orlaith: Chuaigh mé go dtí an Ostair ar feadh seachtaine.

Seán: Agus conas a thaistil tú?

Orlaith: Thaistil mé ann in eitleán.

Seán: Conas a bhí an aimsir?

Orlaith: Bhí an aimsir go breá ach bhí an chéad lá fuar.

Seán: Ar fhan tú in óstán?

Orlaith: D'fhan. Bhí an t-óstán nua-aimseartha agus an-ghlan. Bhí seomra mór againn le teilifíseán. Bhí an bhialann ar fheabhas. Bhí galfchúrsa an-mhaith ann agus bhí m'fhear céile ag imirt gailf ann gach lá, ó mhaidin go hoíche.

Seán: Cá rachaidh tú an bhliain seo chugainn?

Orlaith: Ag an sos lárthearma, rachaidh mise agus m'fhear céile go dtí an Rúis.

GRAMADACH

An Réamhfhocail Simplí agus Tíortha
The Simple Preposition and Countries
sa, san, i, in

An Tír - The Country	Sa Tír- In the Country
an Bheilg - <i>Belgium</i>	sa Bheilg - <i>in Belgium</i>
an Danmhairg - <i>Denmark</i>	sa Danmhairg - <i>in Denmark</i>
an Fhrainc - <i>France</i>	sa Fhrainc - <i>in France</i>
an Ghearmáin - <i>Germany</i>	sa Ghearmáin - <i>in Germany</i>
an Ghréig - <i>Greece</i>	sa Ghréig - <i>in Greece</i>
an Phortaingéil - <i>Portugal</i>	sa Phortaingéil - <i>in Portugal</i>
an Rúis - <i>Russia</i>	sa Rúis - <i>in Russia</i>
an Spáinn - <i>Spain</i>	sa Spáinn - <i>in Spain</i>
an tSualainn - <i>Sweden</i>	sa tSualainn - <i>in Sweden</i>
an Afraic - <i>Africa</i>	san Afraic - <i>in Africa</i>
an Iodáil - <i>Italy</i>	san Iodáil - <i>in Italy</i>
an Ollainn - <i>Holland</i>	san Ollainn - <i>in Holland</i>
an Ostair - <i>Austria</i>	san Ostair - <i>in Austria</i>
Meiriceá - <i>America</i>	i Meiriceá - <i>in America</i>
Sasana - <i>England</i>	i Sasana - <i>in England</i>
Albain - <i>Scotland</i>	in Albain - <i>in Scotland</i>
Éire - <i>Ireland</i>	in Éirinn - <i>in Ireland</i>

Cuir 'sa', 'san', 'i' nó 'in' roimh ainm gach tíre agus bain amach na lúbíní:

1. Bhí mé ar saoire (an Ghearmáin)_____.
2. Chaith Seosamh tréimhse ag obair (Meiriceá)_____.
3. Tá Siobhán ina cónaí (Sasana)_____.
4. Ba bhreá liom tréimhse a chaitheamh (an Ghréig)_____.
5. Fásann go leor tiúilipí (an Ollainn) _____.
6. Bhí mé ag obair mar mhac léinn (an Afraic)_____.
7. Tá cónaí orm (Éire)_____.

8. Tá sléibhte maorga (*majestic mountains*) (an Ostair)_____.
9. Labhraítear Fraincis (an Fhrainc)_____.
10. An raibh tú riamh (an Spáinn)?_____.

FREAGRAÍ

1. Bhí mé ar saoire sa Ghearmáin.
2. Chaith Seosamh tréimhse ag obair i Meiriceá.
3. Tá Siobhán ina cónaí i Sasana.
4. Ba bhreá liom tréimhse a chaitheamh sa Ghréig.
5. Fásann go leor tiúilipí san Ollainn.
6. Bhí mé ag obair mar mhac léinn san Afraic.
7. Tá cónaí orm in Éirinn.
8. Tá sléibhte maorga san Ostair.
9. Labhraítear Fraincis sa Fhrainc.
10. An raibh tú riamh sa Spáinn?

SEANFHOCAIL LE FOGHLAIM

Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.

glas = green; na cnoic = the hills; i bhfad uainn = far away from us.

Green are the hills far away from us. Far away hills look green.

Ceapaimid (we think) go bhfuil an saol (the life) sa tír (country) eile níos fearr ná an saol atá againn inár dtír féin.

Bíonn adharca fada ar na ba thar lear.

adharca fada = long horns; na ba = the cows; thar lear = overseas.

The cows overseas have long horns.

Ceapaimid go bhfuil an saol sa tír eile níos fearr ná an saol atá againn inár dtír féin. Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.

An té a bhíonn siúlach, bíonn sé scéalach.

an té = an duine; siúlach = inclined to walk, travel; scéalach = story-bearing, news-bearing.

He who is inclined to walk/travel is story-bearing/news-bearing.

Bíonn nuacht ag daoine a bhíonn ag taisteal.

Giorraíonn beirt bóthar.

giorraíonn = shorten; beirt = two people; bóthar = road.

Two people shorten a road. Company makes a journey seem shorter.

Má bhíonn comhlúadar (company) agat agus tú ag taisteal (travelling), ní bhraitheann tú (you do not feel) fad an turais (the length of the journey).

Is fearr marcaíocht ar ghabhar ná coisíocht dá fheabhas.

marcaíocht = a riding; ar ghabhar = on a goat; coisíocht = foot-travelling; dá fheabhas = as good as it is.

Riding on a goat is better than foot-travelling/walking, no matter how good the foot-travelling/walking is.

Is fearr síob (a lift) in aon sórt feithicle (in any sort of vehicle) ná siúl (walking).

I dtír na ndall, is rí é fear na leathshúile.

tír na ndall = the country of blind people; rí = king; fear na leathshúile = the one-eyed man.

In the country of blind people, the one-eyed man is a king.

In aon áit nach bhfuil mórán (much) ag daoine, is duine tábhachtach (important) é/í, duine a bhfuil rud éigin aige/aici.

Bíonn an fhírinne searbh.

an fhírinne = the truth; searbh = bitter.

The truth is bitter.

Bíonn sé deacair (difficult) éisteacht (to listen) leis an bhfírinne.



Giorraíonn beirt bóthar.

LOGAINMNEACHA

ÁTH

Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Míniú
Baile Átha Cliath	<i>Dublin</i>	<i>the town of the ford of the hurdles áth = ford, crossing point on a river cliath = hurdle</i>
Baile Átha Luain	<i>Athlone</i>	<i>the town of the ford of Luan</i>
Droichead Átha	<i>Drogheda</i>	<i>the bridge ford droichead = bridge</i>
Áth Fherdia	<i>Ardee</i>	<i>the ford of Ferdia</i>
Béal an Átha	<i>Ballina</i>	<i>the mouth, estuary of the ford</i>
Áth Í	<i>Athy</i>	<i>the ford of Í</i>

